



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Meitheamh 2016
(OR. en)

10400/16

COEST 166

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 20 Meitheamh 2016

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 10172/1/16 REV 1
roimhe seo:

Ábhar: Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Artach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Artach, a ghlac an Chomhairle ar an 20 Meitheamh 2016.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhairle Gnóthaí Eachtracha faoin Artach,
20 Meitheamh 2016**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le beartas comhtháite an Aontais Eorpaigh don Artach (JOIN(2016) 21 final), a ghlac an Coimisiún Eorpach agus an tArdionadaí ar an 27 Aibreán 2016. Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn an Chomhairle di a cuid conclúidí a glacadh ar an 12 Bealtaine 2014¹.
2. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeidh an réigiún Artach sábháilte, inbhuanaithe agus rathúil. Ag tabhairt dá haire go ndírítear níos mó airde ar réigiún an Artaigh agus go bhfuil an ghníomhaíocht méadaithe ansin, meabhraíonn an Chomhairle go bhfuil suim mhór ag an Aontas i gcur leis an rannpháirtíocht trasearnála atá san Artach faoi láthair agus sa rannpháirtíocht sin a fhorbairt tuilleadh. Le beartas tras-speictrim don Artach atá uaillmhianach agus dea-chomhordaithe, cuideofar le rannpháirtíocht an Aontais i réigiún atá ag éirí níos tábhachtaí ar an leibhéal straitéiseach. Limistéar mór comhair ghníomhaigh atá san Artach idir gníomhaithe tábhachtacha réigiúnacha agus domhanda; tá sé tábhachtach freisin rannpháirtíocht an Aontais a neartú san Artach ó thaobh an bheartais eachtraigh agus slándála de.
3. Agus freagracht phríomhúil na Stát Artach á haithint aici, measann an Chomhairle gur féidir díriú ar go leor de na saincheistanna a bhfuil tionchar acu ar an réigiún ar bhonn níos éifeachtúla trí chomhar iltaobhach nó réigiúnach. Is féidir leis an Aontas cuidiú go suntasach go háirithe i bhfóraim iltaobhacha agus réigiúnacha a dhéileálann le saincheistanna Artacha, go háirithe an Chomhairle Artach, an Chomhairle Eora-Artach Barents agus Diminsean an Tuaiscirt. Tá comhpháirtíochtaí eile den tábhacht freisin, lena n-áirítear an Chomhghuaillíocht um Thaighde ar an Aigéan Trasatlantach.
4. Aontaíonn an Chomhairle go leanfaidh an tAontas air de bheith i dteagmháil le muintir bhundúchasach agus le pobail áitiúla an Artaigh chun a áirithiú go n-urramófar a gcuid cearta agus a gcuid tuairimí agus go gcuirfear chun cinn iad agus beartais an Aontais a bhfuil tionchar acu ar an Artach á gcur chun cinn ar bhonn leantach.

¹ Conclúidí ón gComhairle an 12 Bealtaine 2014 maidir le beartas an Aontais Eorpaigh a fhorbairt don Réigiún Artach.

5. Leis an díriú téamach agus geografach agus na freagairtí beartais a leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach leagtar béim, mar is ceart, ar fhorbairt inbhuanaithe agus ar úsáid an Artaigh agus a thimpeallacht íogair agus a éiceachórais thábhachtacha á gcosaint ag an am céanna.
6. Sa chomhthéacs sin, aithníonn an Chomhairle an gá le gníomhaíocht phráinneach dhomhanda chun na rioscaí suntasacha a bhaineann leis an athrú aeráide agus le tionchair chomhshaoil sa réigiún Artach, a chúisíonn gníomhaíochtaí ar an leibhéal domhanda ar an mórgóir, a laghdú agus a chosc. Go háirithe sa réimse maidir le maolú agus oiriúnú ar an athrú aeráide, caithfidh an tAontas agus a chuid Ballstát réitigh uailmhianacha chomhleanúnacha a áirithiú, a mbeidh tionchar áitiúil agus domhanda acu, lena n-áirítear trí chur chun feidhme na ngealltanais a rinneadh sna comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha agus réigiúnacha, go háirithe Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide i mí na Nollaig 2015. Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn an Chomhairle di a cuid conclúidí a glacadh ar an 15 Feabhra 2016².
7. Ag aithint di an ról lárnach atá ag an Aontas agus na Ballstáit maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe agus do nuálaíocht, is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí atá déanta ag an gCoimisiún chun na sineirgí idir ionstraimí éagsúla cistiúcháin, a bhfuil sé d'aidhm acu feabhas a chur ar fhorbairt inbhuanaithe réigiúnach san Artach, a neartú, trí Fhóram Artach na nGeallsealbhóirí a bhunú, le seasamh agus le hinniúlachtaí na rannpháirtithe á n-urramú, agus comhdhálacha ina dhiaidh sin mar a fógraíodh sa Teachtaireacht Chomhpháirteach.
8. Ag meabhrú di a cuid tacaíochta láidre do shaoirse taighde sa Réigiún Artach, aontaíonn an Chomhairle go bhfuil iarrachtaí eolaíochta agus taighde an Artaigh ag an Aontas agus ag na Ballstáit mar threisiú ar a chéile agus go ndéantar rannchuidiú tábhachtach leo sna réimsí téamacha a dtugtar aghaidh orthu sa Teachtaireacht Chomhpháirteach, maidir le bonneagair thaighde chomh maith. Cé gur díol sásaimh é an rún chun ardleibhéil chistiúcháin a choinneáil don taighde i ndáil leis an Artach a dhéantar faoi Fhís 2020 agus cistiúchán réigiúnach cothrom á choinneáil ag an am céanna, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún obair ar gach leibhéal chun sineirgí a bhaint amach i gclár chistiúcháin an Aontais ar fad, agus freisin idir cláir fhaireacháin agus taighde náisiúnta, impholacha, agus idirnáisiúnta – lena n-áirítear cláir spáis – agus leanúint de na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar cháilíocht an taighde, ar bhailiúchán sonraí agus ar chumas breathnóireachta san Artach trí chomhar idirnáisiúnta.

² Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Taidhleoireacht Eorpach i ndáil leis an Aeráid i ndiaidh chruinniú COP21.

9. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht an Aontais san idirbheartaíocht maidir le comhaontú idirnáisiúnta chun cosc a chur ar iascach neamhrialáilte i Lár an Aigéin Artaigh, i réimse a thagann faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais. Thairis sin, is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht an Aontais agus na mBallstát san obair a bhaineann le bainistiú limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí, leis na heagraíochtaí agus leis na próisis réigiúnacha agus á n-urramú, agus laistigh de na creataí institiúideacha iltaobhacha chomh maith. Maidir le sábháilteacht mhuirí agus le truailliú a chosc, is díol sásaimh don Chomhairle freisin gur ghlac an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta an Cód Idirnáisiúnta maidir le Longa a oibríonn in Uisceí Polacha, agus spreagann sí a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú.
10. Agus cur chuige réamhchúraim á fhorbairt aici, lena ndírítear ar fheabhas a chur ar athléimneacht chomhshaoil sa réigiún, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún féachaint faoi bhealaí inar féidir leis an Aontas cur le forbairt inbhuanaithe an tionscail agus bonneagair atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, lena n-áirítear teicneolaíochtaí agus teileachumarsáid ísealcharbóin nuálacha fuaraeráide san Artach, i gcomhréir, inter alia, le beartais agus le pleananna TEN-T. I measc na bhfachtóirí tábhachtacha a d'fhéadfadh cur le forbairt shocheacnamaíoch agus le hathléimneacht na bpobal áitiúil agus an réigiúin ina iomláine, lena n-áirítear maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha dúchasacha lena rannchuidítear le cothabháil agus le forbairt, tá comhar neartaithe trádála agus gnó, creat forásach le haghaidh Fiontar Beag agus Meánmhéide (FBManna) chomh maith le turasóireacht inbhuanaithe san Artach.
11. Spreagann an Chomhairle dlúthchomhar idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit i gcomhthéacs dúshláin Artacha. I gcreataí réigiúnacha agus iltaobhacha mar aon le comhar déthaobhach agus idirphlé polaitiúil le comhpháirtithe Artacha agus le comhpháirtithe eile a bhíonn ag gabháil do ghnóthaí Artacha, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna atá ábhartha maidir leis an réigiún sin ar bhonn rialta. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle in iúl go láidir an tábhacht ar leith a bhaineann le leanúint de bheith ag obair i ndlúthchomhar le pobail áitiúla agus le daoine dúchasacha, chomh maith le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le hionadaithe gnó. Tá an tAontas ag tnúth le cur chun feidhme luath a stádais bhreathnóra i gcomhréir le Dearbhú Kiruna ón gComhairle Artach i mí Bealtaine 2013. Leagann an Chomhairle béim freisin ar thábhacht an ról a ghlacann Ballstáit an Aontais sa Chomhairle Artach mar chomhaltai agus mar bhreathnóirí i gcur chun cinn an chomhar san Artach i gcomhréir leis an stádas atá acu faoi seach.

12. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún – i gcomhréir le roinnt na hinniúlachta idir an tAontas agus na Ballstáit — leanúint ar aghaidh leis na gealltanais a thugtar chun suntais a chur chun feidhme go gníomhach agus obair leantach a dhéanamh orthu agus dlúth-fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí aeráide, comhshaoil, muirí agus socheacnamaíocha sa réigiún agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle go rialta.
-